



# An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge



## Roinnt Moltaí do Nollaig 2008.



Agus an Nollaig ag druidim linn, tá deis iontach againn mar mhúinteoirí Gaeilge tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do scoláirí an Ghaeilge a labhairt agus spraoi a bhaint aisti. Sa bhileog eolais seo, gheofar smaointe faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí is féidir a réachtáil sa seomra ranga agus eolas faoi shuíomhanna idirlín éagsúla agus ábhair litríochta agus ceoil atá bainteach leis an Nollaig.



Is í **Topaic na Míosa** don mhí seo ar an bhfóram cainte ar shuíomh na Seirbhíse Tacaíochta don Ghaeilge ([www.gaeilge.slss.ie](http://www.gaeilge.slss.ie)) ná *"Céard iad na gníomhaíochtaí ranga, na crosfhocail, lúbraí focal, suíomhanna idirlín, dánta, scéalta, carúil, giotaí físeáin, amhráin, drámaí, srl... a úsáideann tú le do chuid ranganna agus sibh ag plé topaic na Nollag na laethanta seo?"* Is iontach an áis í an fóram le smaointe a mhalartú le múinteoirí Gaeilge eile ar fud na tíre. Bainigí triail as!

### Acmhainní atá ar fáil:



#### Dlúthdhioscaí:

"Ceol na Nollag" le Cló Chaisil i gcomhar le Foras na Gaeilge - carúil agus amhráin na Nollag. (dlúthdhiosca agus leabhar).

"Light of Lights/Solas na Soilse" – dlúthdhiosca d'amhráin traidisiúnta na Nollag le Finola Ní Shiochrú.

"Aislingí Ceoil" (2002) le Máire Breatnach. Traic 3 – "Suantraí na Maighdine":

**Leabhar:** "An Nollaig sa Naigín" le Ré Ó Laighléis – leabhar do léitheoirí ar gach aois.

**Liosta de roinnt de na suíomhanna idirlín úsáideacha atá bainteach le topaic na Nollag:**

[www.gaeilge.slss.ie](http://www.gaeilge.slss.ie) cliceáil ar : Topaic na míosa ar an bhfóram cainte agus "Acmhainní" chun teacht ar an mbileog eolais seo agus ar thuilleadh acmhainní faoin Nollaig .

[www.irishpage.com](http://www.irishpage.com) : carúil Nollag ar fáil anseo.

[www.smo.uhi.ac.uk](http://www.smo.uhi.ac.uk) eolas anseo faoi acmhainní atá ar fáil ar líne atá bainteach le féilte bliantiúla.

[www.teachnet.ie](http://www.teachnet.ie) ceachtanna faoi thopaic na Nollag ar an suíomh seo.

[www.YouTube.com](http://www.YouTube.com) giotaí físeáin anseo faoin Nollaig agus cúrsaí Gaeilge i gcoitinne.

[www.mes-english.com](http://www.mes-english.com); [www.tobar.ie](http://www.tobar.ie) (Hot Potatoes); [www.puzzlemaker.com](http://www.puzzlemaker.com); [www.funbrain.com](http://www.funbrain.com) Is féidir lúbraí focal, crosfhocail, spleachchartaí, díslí, bileoga shaothair srl. a dhéanamh ar na suíomhanna seo.

[www.cic.ie](http://www.cic.ie) agus [www.litríocht.com](http://www.litríocht.com) eolas eolas faoi acmhainní éagsúla atá ar fáil atá bainteach leis an Nollaig

**Moladh** - Coimeád an bhileog eolais seo i bhfillteán Roinn na Gaeilge. Is féidir í a íoslódáil freisin ónár suíomh idirlín [www.gaeilge.slss.ie](http://www.gaeilge.slss.ie).



## Carúil agus Amhráin na Nollag:

### Rudolf an Fia Rua



Rudolf an fia rua,  
Bhí loinnir ar a shrón chomh maith,  
Agus dá bhfeicfeá ariamh é,  
Déarfá linn go raibh sé geal.

Bhíodh na fianna eile,  
Ag gáire is ag magadh faoi.  
Ní ligeadh siad ariamh do Rudolf,  
Páirt a ghlacadh i gcluichí.

Oíche Nollag cheomhar bhán,  
Tháinig San Níoclás.  
"Rudolf le do shrón gheal ghlé,  
An rachaidh tú os comhair mo shlé?"

Bhí grá ag na fianna eile dó,  
Is bhéic siad amach os ard,  
"Rudolf an fia rua,  
Nach ortsa bhéas an clú is cáil."



## Oíche Chiúin

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,  
Cách'na suan, dís ar aon  
Dís is dílse'faire le spéis,  
Naíon beag gnaoigheal  
ceananntais caomh,  
Críost,'na chodladh go séimh,  
Críost,'na chodladh go séimh.



Oíche chiúin, oíche Mhic Dé  
Aoirí ar dtús, chuala an scéal,  
Allelúia aingeal ag glaoch,  
Cantain suairc'ngar 's i gcéin,  
Críost an Slánaitheoir féin  
Críost an Slánaitheoir féin

## 12 Lá na Nollag

Ar an chéad lá Nollag thug mo leannán dom patraisic i gcrann piorraí.  
Ar an dara lá Nollag thug mo leannán dom dhá fhéarán bhreaca.  
Ar an tríú lá Nollag thug

mo leannán dom trí chearc fhrancacha.  
Ar an ceathrú lá Nollag thug mo leannán dom ceithre éan ag glaoch.  
Ar an cúigiú lá Nollag thug mo leannán dom cúig fháinne óra.  
Ar an séú lá Nollag thug mo leannán dom sé ghé ag breith.  
Ar an seachtú lá Nollag thug mo leannán dom seacht n-eala ag snámh.  
Ar an t-ochtú lá Nollag thug mo leannán dom ochtar cailín ag bleán.  
Ar an naoú lá Nollag thug mo leannán dom naonúr ban ag damhsa.  
Ar an deichiú lá Nollag thug mo leannán dom deichniúr tiarna ag léim.  
Ar an t-aonú lá déag Nollag thug mo leannán dom aon phíobaire dhéag ag seinm.  
Ar an dara lá déag Nollag



thug mo leannán dom dháréag drumadóir ag drumadóireacht.

## Tá an Nollaig Buailte Linn (fonn 'Jingle Bells')



Tá an Nollaig buailte linn,  
Tá áthas mór san aer,  
Tá sneachta ar an talamh,  
Tá réaltóga sa spéir.

Cúrfá  
Bualadh bos, bualadh bos,  
Bualadh bos go léir;  
Tá San Nioclás ag teacht anois  
Anuas an simléar.

Táimid ag dul a chodladh,  
'S tá ár stocaí réidh,  
Tá San Nioclás ag teacht anois,  
Anuas an simléar

Cúrfa x2



## Dánta faoin Nollaig agus gníomhaíochtaí ranga le dul leo.

### Suantraí Nollag

le Siobhán Ní Shíthigh

Tá fallaing na hoíche  
'Nar dtimpeall, a stóirín,  
Is ceolta sa ghaoith le clos,  
Tá suaimhneas na Nollag  
Id' shuan, a naí bhig,  
Ná múscaíl, a mhaoinín,  
ná bog!



Tá do chliabhán gealta  
Le loinnir na ré.  
Trín bhfuinneog seo isteach  
Is beirt ar an mbóthar  
A leathfaidh ort brat,  
Na múscaíl, a lao ghil, ná goill!

Tá boltaí fáiscithe  
Ar dhoirse na sráide  
Is fuadar na sráide lasmuigh,  
I meangadh do chodlata  
Tá aisling na n-aingeal  
Tabhartha anseo chugainn anocht



### Suantraí Nollag

le Siobhán Ní Shíthigh

Tá fallaing na \_\_\_\_\_  
'Nar dtimpeall, \_\_\_\_\_,  
Is ceolta sa \_\_\_\_\_ le clos,  
Tá \_\_\_\_\_ na Nollag  
Id' shuan, a naí bhig,  
Ná múscaíl, a mhaoinín, ná \_\_\_\_\_!

Tá do \_\_\_\_\_ gealta  
Le \_\_\_\_\_ na ré.  
Trín bhfuinneog seo isteach  
Is \_\_\_\_\_ ar an mbóthar  
A leathfaidh ort \_\_\_\_\_,  
Na múscaíl, a lao ghil, ná goill!

Tá \_\_\_\_\_ fáiscithe  
Ar dhoirse na \_\_\_\_\_  
Is \_\_\_\_\_ na sráide lasmuigh,  
I meangadh do \_\_\_\_\_  
Tá aisling na n-\_\_\_\_\_  
Tabhartha anseo chugainn  
\_\_\_\_\_



## Gníomhaíochtaí Ranga - Suantraí Nollag: Obair aonair/bheirte/ghrúpa

**Deachtú:** Léigh amach an dán cúpla uair. Iarr ar na daltaí na bearnaí a líonadh gan chabhair **nó** soláthraigh na focail dóibh as ord ar an gclár dubh.

### Úsáid íomhánna:

- Soláthraigh pictiúir (Breathnaigh ar [www.images.google.com](http://www.images.google.com)) do na daltaí a léiríonn íomhánna agus scéal an dáin. Léigh amach an dán cúpla uair.
  - Iarr ar na daltaí na pictiúir a chur in ord chun scéal an dáin a léiriú.
  - **nó** tabhair cóip den dán do na daltaí agus iarr orthu an t-íomhá cuí a chur in aice leis an bhfocal/líne cuí sa dán.
  - **nó** iarr orthu scéal an dáin a thomhas agus ansin a scríobh nó/agus a rá sula léitear an dán amach dóibh.
- Lig do na daltaí pictiúir a tharraingt de na híomhánna sna véarsaí éagsúla agus script a scríobh agus/nó a rá ag déanamh cur síos ar na pictiúir.



### Cum dán:


- Tabhair na heochairfhocail (na focail thuas a bhfuil línte fúthu) do na daltaí agus iarr orthu dán a chumadh leo.
- **nó** tabhair eochairfhoca(i)l ón dán do gach grúpa daltaí agus iarr ar na daltaí dán a chumadh faoin Nollaig leis an gcoinníoll go dtosódh línte den dán le litreacha an eochairfhocail ... m.sh. I gcás an eochairfhocail "**aingeal**" seo leagan amach an dáin a chumfaí:

a .....  
i .....  
n .....  
g .....  
e .....  
a .....  
l .....



## Oíche na dTrí Ríthe le Bríd Ní Mhóráin

Ar lorg na dtrí ríthe  
gabhairm tré Dhuibhneach  
geal na gcoinnle  
Oíche Nollaig na mBan -  
Gleann na nGealt taibhseach,  
Abhainn an Scáil Ionrach,  
an Daingean ciúin  
ag fanacht le hiontaisí.  
Ach ó Mhám an Lochaigh  
síneann ríocht an tsolais  
fé choróin bhán Bhréanainn  
go Barr na hAille siar.  
Fé mar stad an réalt  
os cionn an stábla  
treoraíonn trí choinneal  
ar bhonn fuinneoige mé  
mar a bhfuil do dhá láimh sínte  
ar nós fáilte an rílinbh.



## Oíche na dTrí Ríthe – ach na línte as ord !!!! Cuir in ord iad

geal na gcoinnle  
ar nós fáilte an linbh.  
Ar lorg na dtrí ríthe  
Oíche Nollag na mBan –  
treoraíonn trí choinneal  
an Daingean ciúin  
Abhainn an Scáil Ionrach,  
Fé choróin bhán Bhréanainn  
ag fanacht le hiontaisí.  
Ach ó Mhám an Lochaigh  
síneann ríocht an tsolais  
gabhairm tré Dhuibhneach  
Gleann na nGealt taibhseach,  
os cionn an stábla  
Fé mar stad an réalt  
go Barr na hAille siar.  
mar a bhfuil do dhá láimh sínte  
ar bhonn fuinneoige mé



## Gníomhaíochtaí Ranga - Oíche na dTrí Ríthe: Obair aonair/bheirte/ghrúpa

- Léigh an dán os ard fé dhó. Iarr ar na scoláirí na línte a chur in ord. Bain úsáid as léarscáil de Chorca Dhuibhne chuige seo.
- Lig do na scoláirí na logainmneacha a lorg ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) agus na gnéithe aiceanta a luaitear iontu a liostáil, mar shampla, luaitear gleann sa logainm Gleann na nGealt.
- Is nós linn in Éirinn coinnle a lasadh ar na fuinneoga aimsir na Nollaig. Iarr ar na scoláirí bunús an nós sin a fhiosrú. An bhfuil aon nós traidisiúnta Nollaig eile ar eolas acu?
- Tá nósanna difriúla ag baint le Oíche na dTrí Ríthe i dtíortha éagsúla; sa Ghearmáin scríobhthaí na litreacha C M B ar na doirse le caile; i Meicsiceo itear *Rosca des Reye*; sa tSualainn chnagtaí ar dhoras an tí agus chaití bronntanas tríd an bhfuinneog. Lig do na scoláirí na nósanna seo a fhiosrú ar an idirlíon agus cinn a lorg a bhaineann le tíortha eile freisin.



